

# I

## An Seanmhairnéalach san Aimiréal Benbow

**T**osaíonn mo scéal nuair a bhí m'athair i mbun theach ósta an Aimiréil Benbow, agus nuair a tháinig an seanmhairnéalach chuig an teach ar dtús. Is cuimhin liom go maith an fear mór buíchraicneach sin agus a ghruaig ghréisceach ina trilseán anuas thar a ghualainn ar a chóta salach gorm. Bhí a lámha dubha gearrtha agus a chuid ingne briste, agus bhí sean-gherradh claímh ina cholm bán ar a leiceann ghriandóite. Tháinig sé isteach an doras chugainn, a chófra loinge ar bharr rotha ina dhiaidh aniar, agus amhrán á rá aige:

*Cúig fhear déag ar chófra an fhir bháite  
Ió hó hó agus buidéal rum....*

Bhuail sé a mhaide ar chomhla an dorais agus chuaigh m'athair amach chuige. 'Tá áit bhreá agaibh anseo,' ar sé. 'An mbíonn mórán cuairteoirí agaibh?'

'Ní bhíonn,' arsa m'athair, agus b'fhíor dó. Bhí gnóthaí ciúin.

'Bhuel, déanfaidh sé seo mise,' ar sé le fear an bharr rotha, agus d'ordaigh sé dó a chófra a thabhairt isteach.

'Duine réasúnach mé,' ar sé le m'athair. 'Ní bhíonn uaim ach



bolgam rum, bagún is uibheacha, agus radharc amach ar an bhfarr-aige ó m'fhuinneog. Féadfaidh tú “Captaen” a thabhairt orm.’

Chonaic sé an fhéachaint amhrasach a thug m’athair air agus thóg sé ceithre bhonn óir as sparán leathair, agus chaith anuas ar an mbord iad. ‘Inis dom nuair a bheidh sé sin caite agam, tá tuilleadh san áit as ar tháinig sé!’

Cé go raibh cuma chrua gharbh air, ba léir go raibh sé cleachtaithe ar orduithe a thabhairt. D'inis an fear a thug a chófra chugainn gur tháinig sé chuig an gcalafort an mhaidin sin agus gur iarr sé teach ósta ciúin le cósta. Sin an méid eolais a bhí againn faoinár gcuairteoir mistéireach.

Chaith an captaen a chuid laethanta ar na haille ag breathnú uaidh trína theileascóp práis. San oíche shuíodh sé cois tine sa pharlús ag ól rum. Ba mhinic nach dtugadh sé freagra nuair a labhraítí leis, agus ansin chomh borb céanna, shéideadh sé a shrón mar a bheadh bonnán ceo ann. D'fhanadh na lóistéirí eile glan air, mar a dhéanadh mé féin is m'athair.

Nuair a thagadh sé ar ais óna shiúlóid gach tráthnóna d'fhiafraíodh sé dinn an bhfacamar aon mhairnéalaigh. Ar dtús, shíleamar gur uaigneas a bhí air, ach ba ghearr gur thuigemar gur i bhfolach ar dhuine éigin a bhí sé. Nuair a tháinig mairnéalach an bealach, lá, chaith sé tamall á ghrinneadh trí chuirtín an dorais sula dtiocfadh sé isteach sa pharlús. Nuair a bhíodh a leithéidí sa teach d'fhanadh sé chomh ciúin le luchóg.

Lá amháin, thug sé i leataobh mé, agus gheall toistiún airgid dom gach mí dá gcoinneoinn súil ghéar amach do mhairnéalach ar leathchois, agus é a insint dó chomh luath is a d'fheicinn é. Go minic, nuair a thagadh an chéad lá den mhí agus nuair a d'iarraínn an t-airgead air ní dhéanadh sé ach a shrón a shéideadh agus stánadh go dána orm. Ach taobh istigh de chúpla lá shíneadh sé chugam mo thoistiún, mar gur thábhachtaí dó mise a choinneáil ar faire dó ná mo chuid tuarastail a choinneáil siar. 'Coinnigh súil ghéar amach,' a deireadh sé arís, 'd'fhear na leathchoise!'

Agus b'in é an fear céanna a choinnigh ó chodladh na hoíche mé! Oícheanta garbha, nuair a bhíodh an díon ag ardú den teach agus na tonnta ag réabadh an chladaigh, d'fheicinn i m'intinn é agus an chos gearrtha faoin nglúin air, agus é do mo leanúint thar sconsaí is chlaíocha. Ba dhaor a d'íoc mé as an mbonn ceithre phingine sin gach mí.

Maidir leis an gcaptaen, ba mhinic a bhíodh an iomarca ólta aige, agus chaitheadh sé an oíche ag canadh a chuid seanamhrán gránna fiáin, gan aird aige ar dhuine ar bith. Oícheanta eile, sheasfadh sé gloine do gach uile dhuine agus chuireadh iallach orthu ar fad éisteacht lena chuid scéalta nó curfá a choinneáil lena chuid amhrán. Agus ba mhinic a chuala mé an teach ag creathadh lena 'Íó hó hó agus buidéal rum' agus na comharsana ar fad ag canadh in ard a gcinn le faitíos roimhe. Ba mhinic freisin é ag pléascadh le fearg faoi cheist a cuireadh, nó faoi cheist nár cuireadh, nó má shíl sé nach raibh an comhluadar ag éisteacht lena scéal. Agus ní ligeadh sé duine ar bith amach as an teach tábhairne go dtagadh codladh an mheisce air.

B'iad na scéalta ba mheasa. Scéalta uafásacha faoin gcroch, faoi shiúl ar chlár, faoi stoirmeacha farraige, agus faoi ghníomhartha buile sa Tortuga agus ar an gCósta Spáinneach.

Bhíodh m'athair a rá go mbrisfeadh sé muid mar nach gcuirfeadh duine ar bith suas lena chomhluadar gránna. Ach i ndáiríre, sílim gurbh é a mhalairt a tharla. Chuir sé faitíos ar dhaoine, ach táim cinnte gur thaitin sé sin leo. Ba bheag a tharlaíodh sa taobh seo tíre, agus ba chaitheamh aimsire de chineál a bhí ann, fiú is go raibh dream óg ann a labhraíodh go measúil faoi, ag tabhairt 'seanmhairnéalach' air agus 'fíor-chú mara', agus mar sin de.

Ach ar bhealach eile rinne sé dochar dúinn, mar d'fhan sé

linn nuair a bhí a chuid airgid i bhfad caite aige, agus ní raibh sé de mhisneach ag m'athair é a ruaigeadh. Má luaigh sé riamh é shéideadh an captaen a shrón, agus stánadh sé ar m'athair go bhfágfadh sé an seomra. D'fheicinn m'athair ag fáisceadh a lámha le himní, agus táim cinnte gurbh í an imní sin a bhris an tsláinte air agus a thug bás anabái dó.

Níor cuireadh in aghaidh an chaptaein ach aon uair amháin, agus b'in nuair a bhí m'athair go dona leis an tinneas sin a sciob uainn ar deireadh é. Tháinig an Dochtúir Livesey ag breathnú ar a othar tráthnóna amháin, d'ith sé greim dinnéir a réitigh mo mháthair dó, agus chuaigh sé isteach sa pharlús chun a phiopa a chaitheamh fad is a bhí a chapall á gléasadh dó. Lean mé isteach é, agus thug mé suntas don difríocht mhór a bhí idir dochtúir dea-bhéasach néata na súile dubha agus an pheiriúic bháin, agus muintir na háite agus — thar dhuine ar bith eile — an seanfhoghláí mara agus é ina shuí ar deargmheisce agus a dhá uillinn ar an mbord aige. Go tobann thosaigh an captaen ar a sheanamhrán:

*Cúig fhear déag ar chófra an fhir bháite —*

*Ió hó hó agus buidéal rum!*

*An t-ól is an Diabhal a d'fhág iad tráite —*

*Ió hó hó agus buidéal rum!*

Ar dtús shíl mé gurbh é a bhí i gceist le 'cófra an fhir bháite' an cófra loinge a bhí thuas staighre ina sheomra aige, pictiúr a bhí measctha i mo chuid brionglóidí uafáis le fear na leathchoise. Faoin am seo bhíomar ar fad, cé is moite den dochtúir, cleachta ar amhrán an chaptaein. Bhí an dochtúir ag déanamh cuir síos don gharraíodóir, Taylor, ar leigheas nua ar na scoilteacha agus, de réir mar a bhí an captaen ag gabháil fhoinn, bhí a ghlór á

ardú ag an dochtúir. Ar deireadh, bhuaile an captaen a lámh anuas ar an mbord ag iarraidh ciúnais. D'éist gach uile dhuine cé is moite den dochtúir. Bhuaile an captaen a lámh anuas ar an mbord arís agus lig sruth mallachtaí as.

'Ciúnas ar an deic!'

'An liomsa atá tú ag labhairt?' arsa an dochtúir.

Lig an ruifíneach mallacht eile as.

Labhair an dochtúir leis arís. 'Níl le rá agam leatsa ach, má choinníonn tú ort ag ól an rum sin, gur gearr go mbeidh an domhan seo réidh le drochscabhaitéir!'

Léim an seanchaptaen ina sheasamh, nocht sé scian mhairnéalaigh agus bhagair go ngreamódh sé an dochtúir den bhalla léi.

Níor chorraigh an dochtúir, ach labhair sé leis de ghlór ard a gcloisfeadh gach duine sa seomra. 'Mura gcuirfidh tú an scian sin ar ais i do phóca anois díreach, geallaim duit go gcrochfar thú ag an gcéad suí eile den chúirt dúiche.'

D'fhan an bheirt ag stánadh ar a chéile go dtí, ar deireadh, gur chuir an captaen a scian ar ais ina phóca agus gur shuigh sé ar ais ar a shuíochán agus é ag mungailt faoina anáil mar a bheadh seanmhadra buailte ann.

'Agus anois,' arsa an dochtúir, 'tharla go bhfuil a fhios agam go bhfuil do leithéid sa cheantar, coinneoidh mé súil ghéar ort. Ní hé amháin gur dochtúir mé, is breitheamh freisin mé. Agus má chloisim oiread is clamhsán amháin fút, tabharfaidh mé an t-ordú agus ruaigfear amach as an gceantar thú. Agus sin sin.'

Tugadh capall an Dochtúra Livesey chuig an doras ansin, agus d'imigh sé leis. D'fhan an captaen ina thost an tráthnóna sin, agus ar feadh i bhfad ina dhiaidh.

## 2


### Teacht agus Imeacht an Mhadra Dhuibh

**G**eimhreadh fuar cru a bhí ann, agus ba léir ón tús nach mairfeadh m'athair go hEarrach. Bhí sé ag éirí níos laige in aghaidh an lae, agus fágadh cúram an tí tábhairne fúm féin agus faoi mo mháthair, agus bhíomar róchruógach le haird a thabhairt ar ár gcuariteoir mímhúinte.

Go moch, maidin sheaca i mí Eanáir, bhí an captaen ina shuí agus é ar an trá, a chlaíomh ag luascadh faoi eireabail a sheanchóta ghoirm, a theileascóip práis faoina ascaill, agus a hata crochta siar ar a cheann.

Bhí mo mháthair thuas staighre le m'athair, agus an bord á leagan agam don bhricfeasta, nuair a osclaíodh doras an pharlúis agus sheas strainséara isteach ar thairseach an tí. Fear fada mílíteach a bhí ann, a raibh dhá mhéar cailte aige. Cé go raibh claíomh á chaitheamh aige ní raibh cuma an fhir throda air. Bhí mé ag faire amach do mhairnéalaigh — bídis ar leathchois, nó ar dhá chois féin! — ach thug mé suntas don fhear seo. Cé go raibh cuma na farraige air ní raibh cuma an mhairnéalaigh air.

Shuigh sé in airde ar bhord agus chomharthaigh sé dom teacht chomh fada leis.



‘An do mo chomrádaí Bill an bord seo?’

Dúirt mé nach raibh aithne agam ar a chomrádaí Bill, ach gur don chaptaen an bord.

‘Bhuel,’ ar sé. ‘B’fhéidir go dtugann mo chomrádaí Bill captaen air féin. Tá gearradh ar a leiceann ag an bhfear seo, agus



bíonn sé an-ghlórach nuair a bhíonn an deoch istigh aige. Anois, an bhfuil mo chomrádaí Bill sa teach seo?’

D’inis mé dó go raibh sé imithe amach ag siúl.

‘Cén treo, a mhic? Cén treo a ndeachaigh sé?’

D’inis mé dó cá dtéadh sé ag siúl, agus cén uair a dtagadh sé ar ais. Ach, in áit é a leanúint amach, d’fhan an strainséara taobh istigh den doras, agus é ag breathnú timpeall an choirnéil mar a bheadh cat ag faire ar luch. Ag pointe amháin sheas mé féin amach, agus ghlaigh sé ar ais orm, agus nuair nár tháinig mé ar ais sách sciobtha dó lig sé sruth mallachtaí as agus d’ordaigh sé isteach mé ar an bpointe.

Nuair a tháinig mé isteach labhair sé go deas múinte liom arís ach, in ainneoin a chuid plámáis, bhí straint ghránna ar a bhéal i gcónaí, rud a chuir ar m’airdeall mé. Dúirt sé go bhfanfadh an bheirt againn sa pharlús agus go n-imreodh muid cleas beag ar a chomrádaí Bill. Scaoil sé a chlaíomh ina thruaill ansin, agus sheas sé ansin ag faire an dorais.

Ar deireadh, tháinig an captaen, phlab sé an doras ina dhiaidh, agus shiúil caol díreach trasna go dtí a bhord.

‘A Bhill,’ arsa an strainséara.

Chas an captaen ar a chois, agus d’athraigh sé dathanna. Bhí sé mar a bheadh taibhse feicthe aige.

‘Aithníonn tú mé, a Bhill? Do sheanchomrádaí loinge?’

Lig an captaen osna as. ‘An Madra Dubh,’ ar sé.

‘Agus cé eile a bheadh ann?’ arsa an strainséir, ‘ach an Madra Dubh tagtha chun a sheanchomrádaí Billí a fheiceáil san Aimiréal Benbow. Muise, a Bhill, nach bhfuil píosa maith den domhan feicthe ag an mbeirt againne ó chaill mé an dá chrúca seo,’ ar sé, agus a lámh mháchaileach a taispeáint aige dó.

‘Anois, ó tháinig tú orm,’ arsa an captaen, ‘céard atá uait?’

‘Ólfaidh mé gloine rum, a Bhillí, agus suífimid síos agus pléifimid cúrsaí go geanúil mar a dhéanfadh beirt seanchomrádaithe.’

Nuair a d’fhill mé orthu leis an mbuidéal rum bhí siad suite ar aghaidh a chéile ag an mbord, an Madra Dubh ar thaobh an dorais, súil amháin aige ar an gCaptaen agus súil eile ar a bhealach éalaithe.

Ón gcistin, bhí mé in ann iad a chloisteáil ag argóint, agus chuala mé corrmhallacht ón gcaptaen. Go tobann, d’ardaigh a ghlór de bhéic. ‘Má thagann sé go dtí an chroch, a deirimse, crochtar muid go léir!’

Ardaíodh rois eile mallachtaí ina dhiaidh sin agus caitheadh cathaoir is cupán ar an urlár, ansin chonaic mé an Madra Dubh ag imeacht ar chosa in airde agus an captaen sna sála air, a gcuid claimhte nocht, agus an fhuil ag doirteadh as gualainn an strainséara.

Ag an doras thug an captaen iarraidh eile ar an strainséara, agus is cinnte go scoiltfeadh sé anuas go dtí an gimide é murach comhartha mór adhmaid an Aimiréil Benbow. Tá an eang le feiceáil in íochtar an chomhartha sin go dtí an lá atá inniu ann.

Nuair a bhí an Madra Dubh glanta leis tháinig an captaen ar ais isteach. ‘Rum,’ ar sé, agus thit sé ina chnap ar an urlár.

Tar éis di an gleo agus an torann ar fad a chloisteáil, tháinig mo mháthair anuas an staighre. Chrochamar cloigeann an chaptaein. Bhí saothar anála air, a shúile dúnta agus dath an bháis air.

‘A leithéid de mhí-ádh agus de chúis náire,’ ar sí, ‘agus d’athair bocht ar an leaba tinn!’

Rinne mé iarracht braon rum a thabhairt don chaptaen, ach

bhí a bhéal fáiscithe go teann aige. Ba muid a bhí sásta nuair a shíúil an Dochtúir Livesey isteach, agus é tagtha le m'athair a fheiceáil.

'Ó, a dhochtúir,' a dúramar, 'céard a dhéanfimid? Cá bhfuil sé leonta?'

Bhreathnaigh an dochtúir air. 'Leonadh?' ar sé. 'Níl ná leonta! Stróc a bhí aige — nár chuir mé fainic air! Anois, a bhean an tí, suas leat go dtí d'fhear céile, agus ná habair dada leis. Déanfaidh mise iarracht an rógaire seo a shábháil. A Jim, faigh báisín dom.'

Nuair a d'fhill mé leis an mbáisín bhí an mhuinchille stróicthe ar léine an chaptaein aige agus a chuid tatúnna nochta. Bhí 'Sciorta den Ádh,' 'Cóir Ghaoithe,' agus 'Billí Bones Abú,' scríofa go néata ar a láimh, agus in aice lena ghualainn bhí pictiúr den chroch agus fear ar crochadh uirthi.

Dúirt an dochtúir liom breith ar an mbáisín agus, lena scian, d'oscail sé féitheog ina láimh. Baineadh braon maith fola as sular oscail an captaen a shúile agus thug féachaint cheomhar ina thimpeall. Chonaic sé an dochtúir agus tháinig strainc air, ansin chonaic sé mise agus tháinig cuma níos sásta air. D'athraigh sé dathanna agus rinne sé iarracht é féin a ardú aníos.

'Cá bhfuil an Madra Dubh?'

'Níl madra dubh ar bith anseo,' arsa an dochtúir. 'Bhí tú ag ól rum arís tar éis dom fainic a chur ort.'

D'éirigh linn é a ardú agus é a chrochadh in airde an staighre. Leagamar ar a leaba é agus d'fhágamar ina chodladh é.

'Níl a dhath air,' a dúirt an dochtúir nuair a bhí an doras dúnta aige ar an seomra. 'Coinneoidh sé sin ciúin é ar feadh scaithimh; ach mharódh stróc eile é.'